

An Bhruiséil, 12 Deireadh Fómhair 2026
(OR. en)

14365/26

POLCOM 367
COMER 143
UD 286
COHOM 138

NÓTA CLÚDAIGH

ó:	Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	28 Meán Fómhair 2026
chuig:	Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Uimh. an doic. ón gCoim.:	COM(2026) 509 final
Ábhar:	TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA maidir le gníomhaíochtaí agus comhairliúcháin an Ghrúpa Comhordaithe um Fhrith-Chéastóireacht dá dtagraítear in Airteagal 31 de Rialachán (AE) 2019/125 maidir le trádáil in earraí áirithe a d'fhéadfaí a úsáid le haghaidh phionós an bháis, le haghaidh céastóireachta nó le haghaidh íde nó pionós eile atá cruálach, mídhaonna nó táireach

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2026) 509 final.

Faoi iamh: COM(2026) 509 final



AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 28.9.2026
COM(2026) 509 final

TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN

CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA

maidir le gníomhaíochtaí agus comhairliúcháin an Ghrúpa Comhordaithe um Fhrith-Chéastóireacht dá dtagraítear in Airteagal 31 de Rialachán (AE) 2019/125 maidir le trádáil in earraí áirithe a d'fhéadfaí a úsáid le haghaidh pionós an bháis, le haghaidh céastóireachta nó le haghaidh íde nó pionós eile atá cruálach, mídhonna nó táireach

1. Réamhrá

Le hAirteagal 31(4) de Rialachán (AE) 2019/125 an 16 Eanáir 2019 ('an Rialachán') maidir le trádáil in earraí áirithe a d'fhéadfaí a úsáid le haghaidh phionós an bháis, le haghaidh céastóireachta nó le haghaidh íde nó pionós eile atá cruálach, mídhaonna nó táireach¹, cuirtear de cheangal ar an gCoimisiún tuarascáil bhliantúil ar ghníomhaíochtaí, scrúduithe agus comhairliúcháin an Ghrúpa Comhordaithe um Fhrith-Chéastóireacht a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa. Ní mór leis an tuarascáil aird chuí a thabhairt ar a riachtanaí atá sé gan an bonn a bhaint ó na leasanna tráchtála atá ag daoine nádúrtha nó dlítheanacha.

Leis an tuarascáil seo soláthraítear faisnéis faoi ghníomhaíochtaí an Ghrúpa Comhordaithe um Fhrith-Chéastóireacht in 2025.

2. Creat rialála

Is é is cuspóir don Rialachán cosc a chur ar phionós an bháis, ar thaobh amháin, agus ar chéastóireacht agus íde nó pionós eile atá cruálach, mídhaonna nó táireach i dtíortha lasmuigh den Aontas, ar an taobh eile, trí thrádáil in earraí áirithe a shrianadh. Déantar idirdhealú leis idir:

- earraí nach bhfuil aon úsáid phraiticiúil acu seachas úsáid ar mhaithe le pionós an bháis nó ar mhaithe le céastóireacht agus íde nó pionós eile atá cruálach, mídhaonna nó táireach (Iarscríbhinn II); agus
- earraí a d'fhéadfaí a úsáid le haghaidh céastóireachta agus le haghaidh íde nó pionós eile atá cruálach, mídhaonna nó táireach (Iarscríbhinn III) nó le haghaidh phionós an bháis (Iarscríbhinn IV) ach a bhféadfar úsáid dhlisteanach a bhaint astu freisin, amhail earraí le haghaidh fhorfheidhmiú an dlí nó le haghaidh úsáid theiripeach.

Tá trádáil in earraí a liostaítear in Iarscríbhinní II, III agus IV faoi réir srianta áirithe. Go sonrach, déantar an méid seo a leanas leis an Rialachán:

- maidir le hearraí a liostaítear in Iarscríbhinn II nach féidir úsáid phraiticiúil a bhaint astu seachas chun críocha phionós an bháis nó chun críoch céastóireachta, toirmisctear a n-allmhairiú isteach san Aontas, a n-onnmhairiú as agus a n-idirthuras tríd. Toirmisctear leis soláthar seirbhísí bróicéireachta agus aon chúnamh theicniúil a bhaineann leis na hearraí sin, lena n-áirítear oiliúint ar conas iad a úsáid. Toirmisctear leis freisin fógraíocht a dhéanamh ar na hearraí sin sna meáin chlóite, ar an idirlíon, ar an teilifís nó ar an raidió, agus iad a thaispeáint nó a thairiscint lena ndíol ag taispeántas nó ag aonach trádála.
- tá réamhúdarú ina cheanglas leis, de réir an cháis, le haghaidh onnmhairí earraí a liostaítear in Iarscríbhinn III, a d'fhéadfaí a úsáid chun críoch céastóireachta, ach a bhféadfar úsáid dhlisteanach eile a bhaint astu (e.g. le haghaidh fhorfheidhmiú an dlí). Tá réamhúdarú ina cheanglas freisin chun cúnamh teicniúil nó seirbhísí bróicéireachta a sholáthar a bhaineann leis an gcatagóir earraí sin. Ní áirítear in Iarscríbhinn III na nithe seo a leanas:

¹ IO L 30, 31.1.2019, lch. 1. Tar éis a leasaithe roinnt uaireanta, rinneadh Rialachán (CE) Uimh. 1236/2005 ón gComhairle an 27 Meitheamh 2005 maidir le trádáil in earraí áirithe a d'fhéadfaí a úsáid le haghaidh phionós an bháis, le haghaidh céastóireachta nó le haghaidh íde nó pionós eile atá cruálach, mídhaonna nó táireach (IO L 200, 30.7.2005, lch. 1) a chódú ina dhiaidh sin mar Rialachán (AE) 2019/125.

- a) airm thine atá faoi réir Rialachán (AE) Uimh. 258/2012²;
 - b) ítimí dé-úsáide faoi réir Rialachán (AE) 2021/821³; nó
 - c) earraí atá faoi réir théarmaí Chomhsheasamh 2008/944/CBES ón gComhairle⁴;
- iii. rialaítear leis trádáil in earraí in Iarscríbhinn IV a fhéadtar a úsáid le haghaidh phionós an bháis (e.g. trí instealladh marfach), ach a bhféadtar úsáid chun críoch dlisteanach teiripeach a bhaint astu freisin. Tugadh isteach údarú ceadúnais sonrach (údarú ginearálta onnmhairiúcháin ón Aontas (UGO-AE)) chun onnmhairiú earraí den sórt sin a rialú agus chun cosc a chur ar a n-aistriú lena n-úsáid i mbásuithe le hinstealladh marfach, gan srian a chur ar thrádáil iontu chun críoch míochaine nó tréidliachta, ná chun críoch dlisteanach eile.

3. Gníomhaíochtaí an Ghrúpa Comhordaithe um Fhrith-Chéastóireacht

Bunaíodh an Grúpa Comhordaithe um Fhrith-Chéastóireacht de bhun Airteagal 15c de Rialachán (AE) 2016/2134 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁵ chun ceisteanna maidir le cur i bhfeidhm an Rialacháin a scrúdú.

Is ardán é an Grúpa Comhordaithe um Fhrith-Chéastóireacht lenar féidir le saineolaithe ó na Ballstáit agus seirbhísí an Choimisiúin faisnéis faoi chleachtais riaracháin a mhalartú agus plé a dhéanamh ar shaincheisteanna maidir le léirmhíniú an Rialacháin, saincheisteanna teicniúla maidir leis na hearraí a liostaítear, forbairtí a bhaineann leis an Rialachán, agus aon ní eile a d'fhéadfadh teacht chun cinn. Téann an Coimisiún i gcomhairle leis an nGrúpa Comhordaithe um Fhrith-Chéastóireacht nuair a bhíonn gníomhartha tarmligthe á n-ullmhú aige freisin, i gcomhréir leis an gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr⁶.

Tháinig an Grúpa Comhordaithe um Fhrith-Chéastóireacht le chéile 2 uair in 2025, an 12 Meitheamh agus an 11 Nollaig, ar líne, chun faisnéis maidir le roinnt saincheisteanna (a bhfuil achoimre orthu thíos) i ndáil le cur chun feidhme an Rialacháin a mhalartú.

3.1 Forbairtí a bhaineann leis an mbunghníomh

Le hAirteagal 24 de Rialachán (AE) 2019/125 tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 29 chun na hIarscríbhinní a ghabhann leis an Rialachán a leasú. Reáchtáil an Coimisiún comhairliúcháin maidir le gníomh tarmligthe lena leasaítear Iarscríbhinní II agus III a ghabhann leis an Rialachán le

² Rialachán (AE) Uimh. 258/2012 an 14 Márta 2012 lena gcuirtear Airteagal 10 de Phrótocal na Náisiún Aontaithe i gcoinne monarú agus gáinneáil aindleathach arm tine, a bpáirteanna agus a gcomhpháirteanna agus armlóin, lena bhforlíontar Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe in aghaidh coireachta eagraithe trasnáisiúnta (Prótocal Arm Tine na Náisiún Aontaithe) chun feidhme, agus lena mbunaítear bearta i ndáil le húdarú onnmhairithe, le hallmhairithe agus le hidirthuras le haghaidh arm tine, a bpáirteanna agus a gcomhpháirteanna agus armlóin (IO L 94, 30.3.2012, lch. 1).

³ Rialachán (AE) 2021/821 an 20 Bealtaine 2021 lena mbunaítear córas Aontais chun onnmhairiú, bróicéireacht, cúnaimh teicniúil, idirthuras agus aistriú ítimí dé-úsáide a rialú (athmhúnlú) (IO L 206, 11.6.2021, lch. 1).

⁴ Comhsheasamh 2008/944/CBES ón gComhairle lena sainítear comhrialacha lena rialaítear rialú ar onnmhairiú teicneolaíochta míleata agus trealaimh mhíleata (IO L 335, 13.12.2008, lch. 99), arna leasú.

⁵ Rialachán (AE) 2016/2134 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Samhain 2016 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1236/2005 ón gComhairle maidir le trádáil in earraí áirithe a d'fhéadfaí a úsáid le haghaidh phionós an bháis, le haghaidh céastóireachta nó le haghaidh íde nó pionós eile atá cruálach, mídhaonna nó táireach (IO L 338, 13.12.2016, lch. 1).

⁶ IO L 123, 12.5.2016, lch. 1.

saineolaithe ó na Ballstáit, agus le páirtithe leasmhara trí chomhairliúchán poiblí ar an idirlíon. Ghlac an Coimisiún an togra an 21 Bealtaine 2025. Leis an ngníomh tarmligthe, leathnaítear raon feidhme Iarscríbhinní II agus III chun aghaidh a thabhairt ar an margadh slándála idirnáisiúnta atá ag teacht chun cinn agus ar na hathruithe ar úsáid trealamh forfheidhmithe dlí.

Ní dhearna Parlaimint na hEorpa ná an Chomhairle agóid in aghaidh an togra. Foilsíodh Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/928 ón gCoimisiún⁷ an 31 Iúil 2025 in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* agus tháinig sé i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe. D'fhreagair an gníomh tarmligthe don mhéadú atá tagtha ar chéastóireacht agus ar dhrochíde eile i suíomhanna seachchoimeáda in go leor áiteanna ar fud an domhain.

3.2 Faisnéis trádála: sonraí a thuairisciú

Chuir an Coimisiún i láthair an Ghrúpa Comhordaithe um Fhrith-Chéastóireacht staid na himeartha maidir leis an tuarascáil bhliantúil dá dtagraítear in Airteagal 26(3) den Rialachán. Thug an Coimisiún chun cuimhne an fheidhmiúlacht a forbraíodh roimhe seo lena n-iarrtar ar na húdaráis sna Ballstáit na sonraí atá ina gceanglas a uaslódáil go díreach i leabharlann an **Chórais Dé-Úsáide Leictreonaigh** chun críoch tuairiscithe, faoin modúl a bhaineann leis an Rialachán 'Frithchéastóireachta'. Tá sé beartaithe leis sin comhiomlánú na sonraí a chuíchóiriú agus a éascú ar fud na mBallstát uile. Leis an bhfaisnéis a bhailítear, áirítear go sonrach an cinneadh maidir leis an bhfeidhm an cineál earra, an ceann scríbe onnmhairiúcháin agus an úsáid deiridh. Léirítear na gnéithe sin sa tuarascáil bhliantúil ón gCoimisiún dá dtagraítear thuas. Cuireadh an tuarascáil faoi bhráid an Ghrúpa Comhordaithe um Fhrith-Chéastóireacht tar éis a glactha⁸. Chun tuairisciú le haghaidh 2025 a éascú, thug an Coimisiún an teimpléad cothrom le dáta chun na hathruithe a tugadh isteach le Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/928 ón gCoimisiún a chur san áireamh.

3.3 Tuarascáil athbhreithniúcháin an Choimisiúin ar Rialachán (AE) 2019/125

I gcomhréir le hAirteagal 32 den Rialachán, déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú ar chur chun feidhme an Rialacháin agus cuirfidh sé tuarascáil chuimsitheach um chur chun feidhme agus um measúnú tionchair faoi bhráid Parlaimint na hEorpa agus na Comhairle gach 5 bliana.

Rinne an Coimisiún an dara tuarascáil ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle maidir leis an athbhreithniú ar Rialachán (AE) 2019/125 a chur faoi bhráid an Ghrúpa Comhordaithe um Fhrith-Chéastóireacht, ar tuarascáil í a glacadh an 9 Nollaig 2025, lena gcumhdaítear an tréimhse idir 2020 agus lár 2025⁹.

Thug an Coimisiún le fios go ndeachthas i gcomhairle le páirtithe leasmhara éagsúla maidir leis an tuarascáil. Áiríodh orthu sinaineolaithe ó Bhallstáit an Ghrúpa Comhordaithe um Fhrith-Chéastóireacht, grúpa neamhfhoirmiúilaineolaithe an Choimisiúin, eagraíochtaí idirnáisiúnta agus eagraíochtaí de chuid na sochaí sibhialta a bhfuilaineolas acu ar thrádáil a bhaineann le céastóireacht. Ghabh an Coimisiún buíochas le comhaltaí an Ghrúpa Comhordaithe um Fhrith-Chéastóireacht as a rannpháirtíocht chuiditheach agus as a rannchuidiú cuiditheach leis an bpróiseas athbhreithnithe.

⁷ IO L, 2025/928, 31.7.2025.

⁸ COM(2025) 704 final, 21.11.2025 agus Iarscríbhinní 1 go 9.

⁹ COM(2025) 748 final, an Bhruiséil, an 9 Nollaig 2025.

Chuir an Coimisiún in iúl don Ghrúpa Comhordaithe um Fhrith-Chéastóireacht gurb é conclúid na tuarascála go bhfuil an Rialachán á chur chun feidhme go sásúil agus go bhfuil sé fós ábhartha agus oiriúnach dá fheidhm. Leanann an Rialachán de bhearna shainaitheanta a dhúnadh i rialuithe trádála an Aontais atá bunaithe ar chearta an duine. An tráth céanna, thug an Coimisiún dá aire go bhféadfadh cleachtais náisiúnta maidir le cur chun feidhme an Rialacháin a bheith difriúil ar fud na mBallstát. Dá bhrí sin, léiríodh sa tuarascáil go bhféadfaí féachaint ar bhearta neamhrechtacha chun tacú le cur chun feidhme an Rialacháin, amhail measúnuithe riosca a bhaineann le húdaruithe onnmhairiúcháin, seicliosta a bhunú le haghaidh aontaí agus taispeántais trádála agus malartú dea-chleachtas i measc na mBallstát a chur chun cinn. Ina theannta sin, d'aontaigh an Coimisiún go leagtar béim san athbhreithniú ar a thábhachtaí atá sé faireachán leanúnach a dhéanamh ar liosta na n-earraí a chumhdaítear leis an Rialachán chun forbairtí teicneolaíochta agus margaidh a chur san áireamh. I ndáil leis sin, deimhníodh leis an athbhreithniú ábharthacht na n-earraí agus na seirbhísí a chumhdaítear leis an Rialachán, arna leasú le Rialachán Tarmligthe ón gCoimisiún i mí na Bealtaine 2025. Dúirt an Coimisiún go n-aithnítear an rialachán mar chreat dlíthiúil ceannródaíoch agus go leanfaidh sé, mar Chomhchathaoirleach ar an gComhghuaillíocht ar son Trádáil Gan Chéastóireacht, de thacaíocht a thabhairt do thionscnaimh trádála gan chéastóireacht ar an leibhéal iltaobhach.

3.4 Trádáil gan chéastóireacht

Chuir an Coimisiún an Grúpa Comhordaithe um Fhrith-Chéastóireacht ar an eolas faoi staid na himeartha maidir le trádáil gan chéastóireacht ar an leibhéal domhanda. Is é Rialachán (AE) 2019/125 an t-aon chreat réigiúnach ceangailteach fós lena rialaítear an trádáil in earraí a d'fhéadfaí a úsáid le haghaidh céastóireachta nó pionós an bháis.

Chuir an Coimisiún an Grúpa Comhordaithe um Fhrith-Chéastóireacht ar an eolas faoin tuarascáil is déanaí ó Rapóirtéir Speisialta na Náisiún Aontaithe maidir le Céastóireacht¹⁰, a cuireadh i láthair ag an Tríú Coiste de Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe an 14 Deireadh Fómhair 2025. Is díol sásaimh sa tuarascáil na leasuithe maidir le hearraí in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/125, ar toirmisc iad a mhol an Rapóirtéir Speisialta sa tuarascáil roimhe seo uaidh in 2023.

Thairis sin, ar imeall an Tríú Cruinniú Iomlánach de Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe an 15 Deireadh Fómhair 2025, bhí imeacht ar an imeall maidir le Conradh Trádála Gan Chéastóireacht a d'fhéadfadh a bheith ann arna eagrú ag eagraíochtaí de chuid na sochaí sibhialta agus arna urrú ag an Aontas Eorpach, ag an Mongóil (mar Chomhchathaoirligh ar an gComhghuaillíocht ar son Trádáil Gan Chéastóireacht) agus ag an bhFrainc. Chuir Rapóirtéir Speisialta na Náisiún Aontaithe an tAontas i dtábhacht mar shampla dearfach agus, in éineacht le heagraíochtaí na sochaí sibhialta, d'áitigh sé go mbeadh ionstraim dhomhanda ann a bheadh ceangailteach ó thaobh dlí.

Thuairiscigh an Coimisiún freisin maidir le rún tríbhliantúil Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe maidir le 'Céastóireacht agus íde nó pionós eile atá cruálach, mídhanna nó táireach'¹¹. Cumhdaítear le hAirteagal 23 den rún an toirmeasc ar thrádáil earraí agus teicneolaíochta nach bhfuil aon úsáid phraiticiúil leo seachas le haghaidh céastóireachta nó le haghaidh íde nó pionós eile atá cruálach, mídhanna nó táireach. Go traidisiúnta, is de chomhthoil a ghlacann an Tríú Coiste an rún. An 20 Samhain 2025, vótáil trí thír in aghaidh

¹⁰ <https://docs.un.org/en/A/80/137>

¹¹ <https://digitallibrary.un.org/record/4092657?v=pdf>

an rúin. Ar deireadh, chuir an Coimisiún an Grúpa Comhordaithe um Fhrith-Chéastóireacht ar an eolas faoi fhorbairtí a dhéanfar amach anseo sa Chomhghuaillíocht ar son Trádáil Gan Chéastóireacht.